**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**

**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**

**COLÁISTE NA hOLLSCOILE, GAILLIMH**

**RIALACHÁN 1/95**

## IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908

## ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929

## COLÁISTE NA hOLLSCOILE, GAILLIMH

### RIALACHÁN 1/95

Faoi agus de bhua na gcumhacht chuige sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Coiste Rialaithe Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta an Choláiste sin.

Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala
Choláiste na hOllscoile, Gaillimh,
an ceathrú lá fichead seo de
Bhealtaine, Míle Naoi gCéad Nócha
a cúig.

I láthair nuair a greamaíodh
Gnáth-Shéala Choláiste na
hOllscoile, Gaillimh, dó seo :

L.S.

Colm Ó hEocha, *Uachtarán*
Séamus MacMathúna, *Rúnaí*

**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**

**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**

**UNIVERSITY COLLEGE, GALWAY**

**REGULATION 1/95**

WE, the Governing Body of University College, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of University College, Galway, make the Regulation contained in the Schedule hereto for the general government of the said College.

Given under the Common Seal of University College, Galway, this twenty-fourth day of May, One Thousand Nine Hundred and Ninety-five.

Present when the Common Seal of University College, Galway, was affixed hereto :

L.S.

Colm Ó hEocha, *Uachtarán*
Séamus MacMathúna, *Rúnaí*

## SCEIDEAL - RIALACHÁN 1/95

## CAIBIDIL I

## AN LEAS-UACHTARÁN UM ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FISICIÚLA

1. Beidh an Leas-Uachtarán um Acmhainní Daonna agus Fisiciúla, ag obair i gcomhar leis na comhaltaí eile d'Fhoireann Bhainistíochta an Choláiste, freagrach, faoi stiúrú an Uachtaráin agus de réir an pholasaí a chinnfear ag an gCoiste Rialaithe, as polasaithe a fhorbairt agus a fheidhmiú sa réimse ginearálta a bhaineann le gnóthaí Pearsanra na Foirne. Comhlíonfar an fhreagracht seo ar bhealach a thiocfaidh le cearta reachtúla agus eile d'fhoireann uile an Choláiste.

2. Beidh freagracht ar an Leas-Uachtarán um Acmhainní Daonna agus Fisiciúla, fa stiúrú an Uachtaráin agus de réir an pholasaí a chinnfear ag an gCoiste Rialaithe, as na gnóthaí uile a bhaineann le cothabháil agus forbairt eastát an Choláiste. Beidh freagracht ar leith air/uirthi as Clár Sábháilteachta an Choláiste a fhorbairt agus a fheidhmiú.

3. Beidh freagracht ar an Leas-Uachtarán um Acmhainní Daonna agus Fisiciúla, faoi stiúrú an Uachtaráin agus de réir an pholasaí a chinnfear ag an gCoiste Rialaithe, as imeachtaí na macléinn ar an gcampas lasmuigh den rang agus as soláthar áiseanna an Choláiste le haghaidh na n-imeachtaí sin.

4. Is é/í an Leas-Uachtarán um Acmhainní Daonna agus Fisiciúla Oifigeach Cothroim an Choláiste.

5. Beidh freagracht ar an Leas-Uachtarán um Acmhainní Daonna agus Fisiciúla, ag obair i gcomhar le comhaltaí eile d'fhoireann an Choláiste, as polasaí a ullmhú agus a fheidhmiú d'fhorbairt na nEalaíon sa Choláiste.

6. Beidh an Leas-Uachtarán um Acmhainní Daonna agus Fisiciúla ina c(h)omhalta d'Fhoireann Bhainistíochta an Choláiste agus beidh sé/sí i láthair, de réir mar is gá, ag cruinnithe den Choiste Rialaithe agus d'aon choiste de sin a bhaineann le hábhar.

7. Rachaidh an Leas-Uachtarán um Acmhainní Daonna agus Fisiciúla i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile den Choláiste ar na nithe sin is cuid spéise i bpáirt acu.

## SCHEDULE - REGULATION 1/95

## CHAPTER I

## THE VICE-PRESIDENT FOR HUMAN AND PHYSICAL RESOURCES

1. The Vice-President for Human and Physical Resources, working with the other members of the College Management Team, under the direction of the President and in accordance with policy determined by the Governing Body, shall have responsibility for developing and implementing policies in the general area of Staff Personnel matters. This responsibility shall be discharged in a manner consistent with the rights, statutory and otherwise, of all College staff.

2. The Vice-President for Human and Physical Resources, under the direction of the President and in accordance with policy determined by the Governing Body, shall have responsibility for all matters relating to the maintenance and development of the College's estate. He/she shall have a particular responsibility for developing and implementing the Safety Programme of the College.

3. The Vice-President for Human and Physical Resources, under the direction of the President and in accordance with policy determined by the Governing Body, shall have responsibility for the extracurricular activities on campus of students and for the provision of College facilities for these activities.

4. The Vice-President for Human and Physical Resources shall be the College Equality Officer.

5. The Vice-President for Human and Physical Resources, working in conjunction with other College personnel, shall have responsibility for preparing and implementing a policy for the development of the Arts in the College.

6. The Vice-President for Human and Physical Resources shall be a member of the College Management Team, and shall attend, as required, at meetings of the Governing Body and any relevant committees thereof.

7. The Vice-President for Human and Physical Resources shall consult, as directed by the President, with other officers of the College in respect of matters of common concern.

## CAIBIDIL II

## AN LEAS-UACHTARÁN UM GHNÓTHAÍ FORBARTHA AGUS EACHTRACHA

1. Mura gcinneann, agus go dtí go gcinnfidh an Coiste Rialaithe a mhalairt, beidh freagracht ar leith ar an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Forbartha agus Eachtracha, faoi stiúrú an Uachtaráin agus de réir an pholasaí a chinnfear ag an gCoiste Rialaithe, as polasaí an Choláiste sna réimsí seo a leanas a chumadh agus as maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú an pholasaí sin:

   a) Forbairt agus Gnóthaí Eachtracha: áireofar iontu sin nascanna le hollscoileanna agus institiúidí agus áisínteachtaí eile oideachais agus taighde sa tír seo agus lasmuigh; cláracha Eorpacha gluaiseachta, oideachais agus oiliúna; scoileanna samhraidh; agus cibé tionscnaimh fhorbartha speisialta a chinnfidh an Coiste Rialaithe ó am go chéile.

   b) Gnóthaí Iar-Mhacléinn : ina measc sin beidh Cumann Céimithe na Gaillimhe.

   c) Foilseacháin oifigiúla, faisnéis oifigiúil agus caidreamh poiblí.

   d) Liaison Tionscail : ina measc sin beidh cúrsaí Gairmthreorach agus Lonnú Mac Léinn.

   e) Conarthaí seachtracha Taighde agus Forbartha.

2. Beidh freagracht ar leith ar an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Forbartha agus Eachtracha as gnéithe forbartha agus straitéiseacha an Oideachais Aosaigh agus Leanúnaigh : beidh an fhreagracht sin le comhlíonadh i gcomhairle leis an Meabhránaí agus ar bhealach a thiocfaidh le feidhmiú na ndualgas agus na gceart reachtúil uile ag an Meabhránaí i dtaca le gnó acadúil an Choláiste.

3. Beidh freagracht ar leith ar an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Forbartha agus Eachtracha as comhairle a thabhairt don Uachtarán agus don Choiste Rialaithe ar ghnóthaí a bhaineann le Soláthar Airgid agus Maoiniú Seachtrach an Choláiste, agus as comhordú a dhéanamh ar an straitéis agus na struchtúir thacaíochta don Uachtarán sa réimse oibre seo.

4. Beidh an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Forbartha agus Eachtracha ina c(h)omhalta d'Fhoireann Bhainistíochta an Choláiste agus beidh sé/sí i láthair, de réir mar is gá, ag cruinnithe den Choiste Rialaithe agus d'aon choiste de sin a bhaineann le hábhar.

5. Rachaidh an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Forbartha agus Eachtracha i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile den Choláiste ar na nithe sin is cuid spéise i bpáirt acu.

## CHAPTER II

## THE VICE-PRESIDENT FOR DEVELOPMENT AND EXTERNAL AFFAIRS

1. Unless and until the Governing Body shall have determined otherwise, the Vice-President for Development and External Affairs shall have particular responsibility, under the direction of the President and in accordance with policy determined by the Governing Body, for formulating and overseeing the implementation of College policy in the following areas:

   a) Development and External Affairs : these to include links with universities and other educational and research institutions and agencies, within and outside the country; European mobility, education and training programmes; summer schools; and such special development initiatives as the Governing Body may from time to time determine.

   b) Alumnus affairs : these to include Cumann Céimithe na Gaillimhe.

   c) Official publications, official information and public relations.

   d) Industrial Liaison : these to include Careers and Placement.

   e) External Research and Development Contracts.

2. The Vice-President for Development and External Affairs shall have a particular responsibility for the developmental and strategic aspects of Adult and Continuing Education; this responsibility to be discharged in consultation with the Registrar and consistently with the exercise of all statutory obligations and rights of the Registrar in respect of the academic business of the College.

3. The Vice-President for Development and External Affairs shall have particular responsibility for advising the President and the Governing Body on matters relating to Fundraising and External Endowment of the College and for coordinating the strategy and the structures of support for the President in this area of operation.

4. The Vice-President for Development and External Affairs shall be a member of the College Management Team, and shall attend, as required, at meetings of the Governing Body and of any relevant committees thereof.

5. The Vice-President for Development and External Affairs shall consult, as directed by the President, with other officers of the College in respect of matters of common concern.

## CAIBIDIL III

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i ngníomh an ceathrú lá fichead de Bhealtaine, Míle Naoi gCéad Nócha a cúig, agus féadfar Rialachán 1/95, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, a ghairm de, nó Rial. 1/95, Col. na hO., Gaillimh.

L.S.

I láthair nuair a greamaíodh
Gnáth-Shéala Choláiste na
hOllscoile, Gaillimh, dó seo :

Colm Ó hEocha, *Uachtarán*
Séamus MacMathúna, *Rúnaí*

## CHAPTER III

1. This Regulation shall come into operation on the twenty-fourth day of May, One Thousand Nine Hundred and Ninety-five, and may be cited as Regulation 1/95, University College, Galway, or Reg. 1/95, Univ. Coll., Galway.

Present when the Common Seal of University College, Galway, was affixed hereto :

L.S.

Colm Ó hEocha, *Uachtarán*
Séamus MacMathúna, *Rúnaí*